
GMIT

GALWAY-MAYO INSTITUTE OF TECHNOLOGY
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE-MAIGH EO

# PLEAN STRAITÉISEACH 2004-2009



## TODHCHAÍ AN LÉINN Á DEARADH
## AN RÉIGIÚN Á FHORBAIRT

# MISEAN… *Ag GMIT forbraímid deiseanna foghlama fadsaoil trínár dteagasc agus taighde agus trí thacú le forbairt réigiúnach.*



## NA CEITHRE SPREAGTHÓIR 2004-2009

neach léinn

Cuireann **Straitéis Neach Léinn GMIT** an neach léinn i gceartlár na heagraíochta. Is é ár bpríomhsprioc ná oideachas fadsaoil agus feadhsaoil a sholáthar don drong neach léinn atá ag dul in ilghnéitheacht i gcónaí.

réigiúnach

Cuireann **Straitéis Réigiúnach GMIT** forbairt réigiúin léinn chun cinn trí nuálaíocht gheilleagrach agus chultúrtha a spreagadh agus trí chomhtháthú sóisialta a chur chun cinn.

foirne

Cuirfidh **Straitéis Foirne GMIT** ar chumas gach fostaí de chuid na hInstitiúide leanúint dá bhforbairt phroifisiúnta ar mhaithe le cúrsaí léinn ár neach léinn agus le fás ár réigiúin.

taighde

Déanfaidh **Straitéis Taighde GMIT** taighde, teagasc agus forbairt réigiúnach a chomhtháthú de réir mar a fhorbraímid mais chriticiúil de chumas taighde i spriocréimsí.



## CLÁR NA N-ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Réamhfhocal an Chathaoirligh | 4 |
| Misean agus Fís agus Céannacht GMIT | 5 |
| Fás GMIT | 6 |
| An Plean Straitéiseach á Fhorbairt agus á Chur i bhFeidhm | 8 |
| Spreagthóirí Straitéiseacha GMIT | 9 |
| Príomhréimsí le Príomhspriocanna agus Línte Ama | 10 |
| An Comhthéacs | 15 |
| Focal Deiridh an Stiúrthóra | 17 |

reamhrá

## RÉAMHFHOCAL AN CHATHAOIRLIGH



Nuair a forbraíodh an Plean Straitéiseach deiridh in GMIT in 1999, ba é an mana a bhí aige ná an frás "ag bogadh chun cinn". Le linn na gcúig bliana den Phlean, is cinnte gur chuir GMIT an dóchas sin i ngníomh. Bhí ionrollú láidir neach léinn, forbairt cuid mhaith cúrsaí nua, forás suntasach i ngníomhaíocht taighde, neartú an struchtuir ilchampais agus críochnú mhórfhoirgnimh nua ar champas Bhóthar Bhaile Átha Cliath mar ghnéithe den tréimhse 1999-2004.

Bí na forbairtí sin go léir mar thoradh ar obair bhord stiúrtha, stiúrthóir agus feidhmeannas, foireann agus neacha léinn na hInstitiúide. San obair sin fuaireamar tacaíocht ón rialtas náisiúnta agus a chuid áisínteachtaí agus ónár gcomhpháirtithe réigiúnacha gnó agus pobail.

Tógfaidh Plean Straitéiseach GMIT ar a bhfuil bainte amach go dtí seo agus díreoidh sé ar an réimse inar féidir linn freastal níos fearr ar ár neacha léinn agus ár réigiún. Mar Institiúid Teicneolaíochta, táimid tiomnaithe d'fhócas a choinneáil ar chéad mhisean na hInstitiúide, mar atá fás geilleagrach, comhtháthú sóisialta agus forbairt réigiúnach a chur chun cinn.
Tá athmhachnamh déanta ag an Institiúid maidir leis an gcaoi is fearr inar féidir léi freastal ar an misean sin trí dheiseanna oideachais do na neacha léinn a fheabhsú agus trí thacú le fás a réigiúin.



Déanfar aithbhreithniú leanúnach ar an bPlean agus cuirfear in oiriúint é chun aghaidh a thabhairt ar dheiseanna agus éilimh nua. Chuige sin beidh gá i gcónaí le comhoibriú idir an Bhord Stiúrtha, an feidhmeannas agus pobail na neach léinn agus an lucht acadúil.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl d'fheidhmeannas, d'fhoireann agus do neacha léinn GMIT as ucht a fhonnmhaire agus a ghlac siad le hathrú agus as a dtiomantas d'oibriú ar bhealaí nua. Creidim go gcuirfidh cur i ngníomh an Phlean Straitéisigh seo deiseanna ar fáil do neacha léinn den uile aois agus chúlra chun bheith páirteach i bhfoghlaim fhadsaoil agus fheadhshaoil. Is í an fhíorshlat tomhais a bheidh ag cur i ngníomh an phlean seo go rathúil ná a fheabhas agus a éireoidh leis.

misean

## MISEAN GMIT

Ag GMIT forbraímid deiseanna don léann fadsaoil trínár dteagasc agus taighde agus trí thacú le forbairt réigiunach.

## FÍS GMIT

- Is é an léann a bheidh mar an chroíghníomhaíocht ag an Institiúid, a thabharfaidh neacha léinn, foireann agus an réigiún le chéile chun eolas a roinnt, a chur i ngníomh, a thástáil agus a chruthú.
- Leanfaidh GMIT de bheith ag forbairt mar eagraíocht réigiúnach a bhfuil fócas idirnáisiúnta aici, atá tiomnaithe do shaibhriú pearsanta agus proifisiúnta a cuid neach léinn, riachtanais a réigiúin, tosaíochtaí náisiúnta agus deiseanna domhanda.
- Chomh maith le peirspictíochtaí agus dóchas a cuid páirtithe leasmhara a mhúnlú, oibreoidh GMIT i gcomhar leo le freastal ar a riachtanais.
- Toisc gur eagraíocht í GMIT atá maoinithe go poiblí, beidh sí cuntasach as a polasaí náisiúnta a chur i bhfeidhm agus maoineofar í de réir a cumais agus inniúlachta le spriocanna náisiúnta a bhaint amach. Cuirfidh sí lena maoiniú poiblí trí ghníomhaíochtaí fiontraíocha agus bainfear úsáid as an ioncam go léir a ghinfear chun ár seirbhísí dár neacha léinn a fheabhsú.

## CÉANNACHT GMIT

Tá GMIT bródúil as a céannacht agus a ról mar Institiúid Teicneolaíochta. Tá sí bródúil as a muintir agus a cuid éachtaí agus tá sí lánmhuiníneach as a cumas chun aghaidh a thabhairt ar a bhfuil i ndán di.

Tá an Institiúid tiomnaithe do:

- Pobal léinn a fhorbairt atá ag obair i gcomhréir le caighdeáin éachtacha agus chuntasacha atá dúshlánach agus soiléir.
- Treoshuíomh proifisiúnta ár gclár léinn go léir a chur chun cinn ionas go dtabharfaidh siad cead isteach sa láthair oibre dár neacha léinn.
- Rochtain agus dul chun cinn a éascú trínár strúchtúir damhachtaine ilchampais, ildisciplíneacha agus il-leibhéil.
- Tacú le heagraíocht a fhorbairt a ghlacann leis agus a chuireann fáilte roimh an athrú, an dúshlán, an nuálaíocht agus an fhiontraíocht.
- A chothaíonn oscailteacht, solúbthacht agus comhoibriú trí obair atá foireannbhunaithe agus comhpháirtíocht.
- A chuidíonn le hatmaisféar cómheasa comh-mhalartach san eagraíocht.

## ÁR NEACHA LÉINN

Is é a gheallaimid dár neacha léinn ná go soláthróimid seirbhís shofhreagrach sholúbtha le cur ar a gcumas na caighdeáin acadúla is airde a bhaint amach gur féidir, iad a rochtain agus dul chun cinn a dhéanamh tríothu ar gach ceann dár gcláir acadúla. Cinnteoimid agus dearbhóimid caighdeán na gclár acadúil a chuirimid ar fáil. Rachaimid i gcomhairle lenár neacha léinn maidir lena n-éispéarais in GMIT, cuirfimid deiseanna ar fáil dóibh chun ár seirbhísí a mheas agus tabharfaimid freagra ar na ceisteanna a ardaíonn siad. Tabharfar deis ón tús dár neacha léinn go léir na caighdeáin acadúla agus eiticiúla a thuiscint a bhfuiltear ag tnúth go ndíreoidh siad orthu.

## ÁR BHFOIREANN


Cuirfidh an Institiúid deiseanna ar fáil don fhoireann leanúint dá bhforbairt phearsanta agus proifisiúnta agus leanfaidh sí de bheith ina heagraíocht a mheallann agus a choinníonn daoine sárchumasacha. Tá GMIT tiomnaithe chun a chinntiú go dtuigeann an fhoireann uile go soiléir misean, fís agus luacha na hInstitiúide agus go n-oibríonn gach ball den eagraíocht de réir na gcaighdeán proifisiúnta agus eiticiúil is airde.


## ÁR GCÉIMITHE

Saothróidh an Institiúid i gcónaí le cinntiú go mbeidh tuiscint chuimsitheach ag ár gcéimithe go léir ar dhisciplíní ábhartha agus eolas agus scileanna proifisiúnta atá oiriúnach dá gcuid dámhachtainí. Is iad na tréithe cumais a bheidh ag ár gcéimithe ná a bheith in ann:

- A gcuid eolais a chur i ngníomh san ionad oibre;
- Foghlaim agus obair a dhéanamh go neamhspleách nó i gcomhar;
- Páirt a ghlacadh ina bpobal agus sa tsochaí níos leithne;
- Leas a bhaint as breithiúnas machnamhach criticiúil;
- An tábhacht a bhaineann le forbairt phearsanta agus proifisiúnta leantach a thuiscint.






2004
2003 - Osclaíodh Ionad Léinn ag GMIT Gaillimh
2003
2004 - Leathnaíodh Údarás Tarmligthe
2004 - Osclaíodh Ionad Tacaíochta Tionsclaíoch ag GMIT Gaillimh
2004 - Creat Cáilíochtaí Nua Curtha i bhFeidhm (NQAI)
2002
2001 - Údarás Tarmligthe curtha i ngníomh do Theastais Náisiúnta agus Dioplómaí Náisiúnta
1999 - Aithbhreithniú Údaráis Tharmligthe
2001
2000
1998 - Athraíodh an teideal go: Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo
1999
1998
1997
1996
95
GMIT
GALWAY-MAYO INSTITUTE OF TECHNOLOGY
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE-MAIGH EO

cur i ngniomh

## FORBAIRT AGUS CUR I NGNÍOMH AN PHLEAN STRAITÉISIGH

Is toradh ar phróiseas a mhair ar feadh bliana é ábhar an phlean seo a raibh i gceist leis:

- Gur cheap an feidhmeannas creat misin agus na príomhréimsí straitéiseacha;
- Próiseas comhairliúcháin ar fud na hInstitiúide le foireann, neacha léinn agus bord stiúrtha;
- Comhairliúchán fadréimsiúil le páirtithe leasmhara seachtracha;
- Foireann chomhairleach don stiúrthóir a chrithú chun an dréachtphlean a réiteach;
- An feidhmeannas mar údar deiridh na tuarascála;
- An próiseas faofa ag an mBord Stiúrtha.

*Ón tús déanfaidh GMIT an plean straitéiseach seo a ailíniú leis na próisis bhuiséadacha. Bainfear úsáid as plean oibríochtúil foirmiúil a mbeidh spriocanna sonraithe agus bearta measúnaithe ann chun fócas comhtháite a chinntiú ar chúig phríomhaidhm straitéiseacha an phlean seo. Tá línte ama forbartha do gach sprioc agus foilseofar aithbhreithniú bliantúil ar chur i ngníomh an phlean.*
*Beidh acmhainní na hInstitiúide ailínithe leis an bplean seo agus déanfar athchumraíocht ar a hacmhainneacht agus a struchtúir eagraíochtúla le cur i bhfeidhm rathúil a chinntiú.*

## NA CEITHRE SPREAGTHÓIR 2004-2009

Cuireann Straitéis Neach Léinn GMIT an neach léinn i gceartlár na heagraíochta. Is é ár bpríomhsprioc ná oideachas fadsaoil agus feadhshaoil solúbtha a sholáthar don díorma neach léinn atá ag dul in ilghnéitheacht i gcónaí.

Cuireann Straitéis Réigiúnach GMIT forbairt réigiúin léinn chun cinn trí nuálaíocht gheilleagrach agus cultúrtha a spreagadh agus trí chomhtháthú sóisialta a chur chun cinn.

Cuirfidh Straitéis Foirne GMIT ar chumas gach fostaí de chuid na hInstitiúide leanúint dá bhforbairt phroifisiúnta ar mhaithe le cúrsaí léinn ár neach léinn agus fás ár réigiúin.


Déanfaidh Straitéis Taighde GMIT taighde, teagasc agus forbairt réigiúnach a chomhtháthú de réir mar a fhorbraímid mais chriticiúil de chumais taighde i spriocréimsí.

## MAOINIÚ POIBLÍ AGUS PRÍOMHÁIDEACH

Tá cur i bhfeidhm an phlean straitéisigh seo ag brath ar na forbairtí bonneagair seo a leanas ag GMIT:

- Campas do Thionscail Chruthaitheacha ag Cluain Mhuire.
- Scoil nua Innealtóireachta a sholáthar.
- Ionaid Ghoir a fhorbairt ag Gaillimh agus Caisleán an Bharraigh.
- Tuilleadh talún a fháil chun an bonneagar sóisialta agus cultúrtha i nGaillimh a fhorbairt.
- Athchóiriú agus uasghrádú áiseanna atá ann cheana féin.
- Spás taighde tiomnaithe a sholáthar ag Campas Bhaile Átha Cliath agus Campas Chluain Mhuire.
- Slánú an Aonaid Eolaíochta Sláinte ag Caisleán an Bharraigh.
- Forbairt seirbhísí neach léinn ar fud na hInstitiúide.

Le linn cúig bliana an phlean seo, beidh gá le hinfheistíocht de €30 milliún le tús a chur leis na forbairtí seo. Beidh ar an Institiúid €3 milliún breise a chruinniú trína cuid gníomhaíochtaí tráchtála agus tiomsaithe airgid féin.



straiteis neacha leinn

## STRAITÉIS NEACHA LÉINN

Cuireann Straitéis Neacha Léinn GMIT an neach léinn i gceartlár na heagraíochta. Is é ár bpríomhsprioc ná oideachas fadsaoil agus feadhshaoil solúbtha a sholáthar don díorma neach léinn atá ag dul in ilghnéitheacht i gcónaí.

### LÉANN FADSAOIL

- Soláthar de chláir d'oideachas solúbtha, creidiúnaithe leantach agus daoine fásta a bheith sa phríomhshruth;
- Pleananna scoilbhunaithe a ullmhú agus a chur i ngníomh le haghaidh clár d'oideachas leantach agus daoine fásta;
- APEL a chur i ngníomh tuilleadh;
- Tionscnaimh léinn sholúbtha a chur chun cinn le rochtain agus coinneáil a fheabhsú.

### MODÚLÚ

- Creat a shonrú do thabhairt isteach na modúlachta;
- Plean tionscadail a fhorbairt do chur i ngníomh na modúlachta ar a n-áirítear réimsí acadúla, riaracháin agus airgeadais;
- An mhodúlacht a nascadh le plean oiliúna agus forbartha agus clár seimineár agus ceardlanna a thabhairt don fhoireann mar chabhair don chur i ngníomh.

### ROCHTAIN AGUS DEISEANNA

- Riachtanais ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíochta agus rannpháirtithe sa réigiún a shainaithint;
- Acmhainneacht na n-ionad ilchampais atá ann a fhorbairt.

### SEIRBHÍSÍ NEACHA LÉINN

- Aithbhreithniú mion a dhéanamh ar na seirbhísí atá ann do neacha léinn;
- Seirbhísí neacha léinn a chomhtháthú le gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama;
- Ionad Seirbhísí do neacha léinn a sholáthar, a bheidh bunaithe ar an aithbhreithniú agus comhtháthú mar atá thuas;
- Seirbhísí tacaíochta do neacha léinn atá míchumasaithe go fisiceach agus/nó ó thaobh foghlama a chomhtháthú;
- Acmhainneacht riaracháin a fhorbairt tuilleadh a bheidh ailínithe le riachtanais drong ilghnéitheach neach léinn.

### SAOL SÓISIALTA AGUS CULTÚRTHA

- An saol sóisialta agus cultúrtha reatha laistigh de GMIT a aithbhreithniú agus tionscnaimh fheabhais a mholadh.

### RÉIMSE IDIRNÁISIÚNTA

- Taighde a dhéanamh maidir le deiseanna sa mhargadh idirnáisiúnta neach léinn agus láithreacht a bhunú agus acmhainneacht iomaíoch a fhorbairt;
- Tacaíochtaí do neacha léinn idirnáisiúnta ag GMIT a fhorbairt tuilleadh;
- Tionscnaimh a fhorbairt do chur chun cinn agus tacaíocht shoghluaisteacht na foirne agus neach léinn.

### ALUMNI

- Forbairt alumni a fhócasáil ar theagmhálacha fadsaoil lenár gcéimithe a thógáil.

## STRAITÉIS RÉIGIÚNACH

Cuireann Straitéis Réigiúnach GMIT forbairt réigiúin léinn chun cinn trí nuálaíocht gheilleagrach agus chultúrtha a spreagadh agus trí chomhtháthú sóisialta.

### RÓL RÉIGIÚNACH Á SHAINIÚ

- Aithbhreithniú a dhéanamh ar an ról réigiúnach agus ar an tionchar agus polasaí nua a fhorbairt sa réimse seo;
- Creat do Thuarascáil Thionchair Réigiúnach bliantúil GMIT a fhorbairt agus a chur i ngníomh;
- A shainaithint go soiléir conas is fearr úsáid a bhaint as creat ilchampais uathúil GMIT i gcomhthéacs forbartha réigiúnaí agus rochtana ar feadh an réigiúin;
- A bheith ina treoraí aitheanta sa réigiún do smaointeoireacht agus ghníomhaíocht nuálach agus feidhmiú mar acmhainn don réigiún;
- Freastal ar ghanntanas scileanna trí dhiagnóis ghlé a dhéanamh in éineacht le páirtithe leasmhara, trí chláir ábhartha a thabhairt isteach agus trí spriocmhargaíocht.

### MARGAÍOCHT

- Plean margaíochta a chomhtháthaíonn riachtanais chinnte neach léinn agus an réigiúin a fhorbairt.

### COMHOIBRIÚ AGUS NASCÁLACHA

- Ionaid ghoir ghnó a fhorbairt ag Gaillimh agus Caisleán an Bharraigh agus tionscnaimh thacaíochta a shainaithint dóibh;
- Eiseamláirí d'Ionaid Réigiúnacha i réimsí disciplíneacha ainmnithe a bhunú;
- Forbairt na Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh (ar a n-áirítear cur i ngníomh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003) mar aon le cláir oidhreachta agus chultúir sa réigiún;
- Cláir nasctha agus chomhoibrithe le meánscoileanna agus bunscoileanna sa réigiún a fhorbairt;
- Tionscnaimh atá lách don imshaol a chur chun cinn agus úsáid réasúnach fhuinnimh a fhorbairt tuilleadh;
- Cláir nua cheoil agus teicneolaíochta a bhaineann lánúsáid as na meáin a fhorbairt.



straitéis foirne

## STRAITÉIS FOIRNE

Cuirfidh Straitéis Foirne GMIT ar chumas gach fostaí de chuid na hInstitiúide leanúint dá bhforbairt phroifisiúnta ar mhaithe le cúrsaí léinn ár neach léinn agus fás ár réigiúin.

### BEALAÍ OIBRE

- Struchtúir eagraíochtúla sholúbtha a fhorbairt le freagairt don imshaol atá ag athrú;
- Tionscnaimh a cheapadh a bheidh dírithe ar an dea-chaidreamh tionsclaíoch atá ann faoi láthair a fheabhsú;
- Leas a bhaint as prionsabail na comhpháirtíochta mar bhealach oibre;
- Polasaí agus creat nua cumarsáide a cheapadh chun gach cineál cumarsáide laistigh den Institiúid a fheabhsú.

### CULTÚR AGUS NUÁLAÍOCHT LÉINN

- Na riachtanais d'fhorbairt 'cultúir léinn' a shainaithint agus iad a chomhtháthú leis an gclár d'fhorbairt foirne;
- Féidearthacht na nuálaíochta mar chuid dár gcláir uile a iniúchadh;
- Modhanna nuálacha teagaisc agus foghlama a fhorbairt a spreagfaidh, ina seal, nuálaíocht inár neacha léinn;
- An tIonad Acmhainní Léinn a fhorbairt mar thaisce léinn do neacha léinn agus bhaill foirne GMIT uile;
- Meicníochtaí a cheapadh le nuálaíocht a éascú i ndearadh, seachadadh agus measúnú cláir;
- Úsáid an Ionaid Léinn Réigiúnaigh mar bhunáit eolais réigiúnach a chur chun cinn.

### RIALACHAS AGUS IOMPRAÍOCHT EITICIÚIL

- Cód eitice proifisiúnta a fhorbairt agus a chur i ngníomh;
- An "dea-chleachtas is fearr" do rialachas corparáideach a chur i ngníomh;
- A chinntiú go leagann cleachtais ionduchtála béim iomchuí ar an eitic phroifisiúnta i bhforbairt foirne.
- Leanúint den chlár forbartha foirne atá ann agus cur leis, an leibhéal creidiúnaithe a mhéadú, agus tús a chur le haithbhreithniú córasach ar dhul chun cinn.

### Forbairt Foirne

- Leanúint ar agaidh agus leathnú an chláir forbartha foirne, ag cur leis an leibhéal ilchreidiúnaithe. Athbhreithniú agus measúnú rialta a chur i bhfeidhm ar an dul chun cinn atá á bhaint amach.

## STRAITÉIS TAIGHDE


Déanfaidh Straitéis Taighde GMIT taighde, teagasc agus forbairt réigiúnach a chomhtháthú de réir mar a fhorbraímid mais chriticiúil de chumas taighde i spriocréimsí.

### STRUCHTÚIR AGUS CÓRAIS

- Tabhairt faoi staidéar bunlíne inmheánach ar ghníomhaíochtaí agus bonneagar taighde laistigh den Institiúid mar bhunús d'aithbhreithniú Polasaí Taighde GMIT;
- Áiseanna taighde a fheabhsú le béim ar chóiríocht agus áiseanna do neacha léinn iarchéime;
- Díriú ar thionscnaimh trasna réimsí disciplíneacha d'fhonn "daoine a thabhairt le chéile", idéanna a ghiniúint agus a ghor, spéis i ngníomhaíocht taighde a spreagadh, nuálaíocht a chur chun cinn agus líonraí tacaíochta a thógáil;
- Córais agus gnáthaimh a aithbhreithniú ag súil le taighde a spreagadh agus a éascú.

### MAOINIÚ

- Ciste Taighde Inmheánach a athbheartú agus a thabhairt isteach;
- Maoiniú a lorg go gníomhach chun tacú le gníomhaíochtaí taighde i spriocréimsí buntáiste;
- Tacú le leathnú an taighde agus gníomhaíochtaí teagaisc a bhfuil baint acu leis an imshaol tógtha;
- Sainiú agus forbairt a dhéanamh, nuair is iomchuí, ar ghníomhaíocht idirnáisiúnta i réimsí roghnaithe taighde.





an dul chun cinn

## AN DUL CHUN CINN A THOMHAS

De réir mar a théann an plean straitéiseach chun cinn, beidh gá le spriocbhearta ábhartha a fhorbairt a bheidh ina bhfíorthásscaire ar an dul chun cinn. I dtús an phlean, níl cuid de na táscairí sin soiléir agus is cuid den obair sa phlean iad a fhorbairt i rith na chéad bhliana dá shaol. Idir an dá linn, díreoimid i gcónaí ar roinnt réimsí a chuidíonn le feidhmíocht fhoriomlán na hInstitiúide. San áireamh iontu tá:

- Líon na neach léinn agus comhdhéanamh an drong neach léinn
    - Coibhneas ACCS agus modhanna páirtaimseartha eile
    - Coibhneas na neach léinn idirnáisiúnta
    - Coibhneas na neach léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste
- Acmhainn Taighde
    - Líon na neach léinn iarchéime
    - Ioncam ó thaighde agus foilseacháin
    - Líon na mball foirne gafa le taighde
- Forbairt réigiúnach
    - Líon na gclár atá dírithe ar thionscal agus ghnó sa réigiún
    - Staidreamh céad scríbe faoinár neach léinn
    - Naisc le comhlachtaí iomchuí sa réigiún
- Foireann
    - Próifíl cháilíochtaí na foirne
    - Táscairí ón gclár forbartha foirne
- Cláir
    - Coinneáil neach léinn
    - Líon iomlán na gclár agus an coibhneas atá i bhformáid modúlaithe
    - Cláir á dtairiscint trí mhodhanna neamhthraidisiúnta

## COMHTHÉACS PLEANÁLA GMIT

Le linn an scór bliain seo caite, tharla forás agus forbairt mhór ar an earnáil oideachais tríú leibhéil in Éirinn. Ba é ba mhó a spreag é ná tosca déimeagrafacha, breis páirtíochta agus geilleagar a bhí ag borradh. Bhí fuinneamh agus acmhainn earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta dírithe ar na dúshláin chomhghaolmhara a bhain leis na scileanna a bhí ag teastáil ón ngeilleagar forásach a chur ar fáil, an t-éileamh ar iontráil a chiondáil agus, ina dhiaidh sin, an borradh sciobtha i gcúrsaí acmhainne agus ilghnéitheachta a bhainistiú. Caithfidh an earnáil aghaidh a thabhairt anois ar mhórdhúshláin a eascraíonn as domhandú méadaithe an eolais, an riachtanas go bhfuil orainn mar náisiún próifíl cháilíochtaí an líon saothair atá againn faoi láthair nó a bheidh againn amach anseo a fheabhsú, an dúshlán leanúnach a bhaineann lena chinntiú go gcuireann ardoideachas agus oideachas leantach cothromas sóisialta chun cinn agus an gá atá le forbairt réigiúnach inbhuanaithe a chur chun cinn.

### DEISEANNA NUA, ÉILIMH NUA

Tá deiseanna ar fáil do GMIT chun a cuid gníomhaíochtaí a athlíniú le freastal ar riachtanais náisiúnta agus ar mhianta pearsanta. Ar na foinsí deiseanna tá:

- An t-éileamh ar oideachas mar bhonn leis an dara slí bheatha, slí bheatha chomhthreomhar agus d'fhorbairt iomlánaíoch phearsanta.
- An tiomantas náisiúnta do pháirtíocht bhreise agus do chur i gcrích in ardoideachas.
- An cinneadh atá déanta ag Éirinn éirí sa slabhra eolais agus an riachtanas go n-imreodh ardoideachas ról lárnach i mbaint amach na méine sin.
- Cruthaíonn forás an gheilleagair eolasbhunaithe deiseanna le haghaidh comhpháirtíochtaí idir institiúidí acadúla agus tionscal, ní hamháin maidir le soláthar an oideachais ach i bhforbairt gníomhaíochtaí taighde agus sainchomhairliúcháin freisin.
- Deiseanna "d'institiúidí eolais" tríú leibhéil, mar ghnéithe bunriachtanacha den bhonneagar réigiúnach, chun bheith ina dtreoraithe i bhforbairt shóisialta agus gheilleagrach réigiúnach. Cuireann an Straitéis Spásúil Náisiúnta agus na moltaí d'fhorbairt Réigiúin TLI leis na deiseanna sin.
- Deiseanna a eascraíonn as idirnáisiúnú agus tráchtálú an tsoláthair oideachais thríú leibhéil.

Agus í ag iarraidh na deiseanna sin a thapú, déanfaidh GMIT:

- Plé le drong neach léinn níos ilghnéithí i dtéarmaí aoise. ábaltachtaí, spéiseanna, taithí agus cumas chun páirt a ghlacadh in oideachas ar bhonn lán- nó páirtaimseartha;
- Éascaíocht a dhéanamh ar neacha léinn a bhfuil a gcuid uaillmhianta níos airde agus níos sainithe trí thábhacht áisiúlacht an fhoghlaimeora, rochtaineacht, caighdeán na seirbhíse, costas agus bealaí ilchreidiúnaithe a aithint;
- Glacadh le coincheap oideachais atá "ualaithe ón tosach" trí rochtain atá gan uaim agus tréscaoilteach agus struchtúir chreidiúnaithe a chruthú;
- Naisc níos dlúithe idir na réimsí foghlama agus oibre a éascú;
- Leanúint de choincheap oideachais atá fadsaol agus feadhsaol a chur chun cinn;
- Modhanna difriúla seachadta a chumasú, ar a n-áirítear áiseanna ar-líne, ICT, agus Ilmheáin a úsáid;
- Próiseas oideachais atá curtha in oiriúint don duine ar leith a éascú agus eisréimeach in ionad a bheith aonghnéach agus comhchlaonta;
- Glacadh le solúbthacht agus nuálaíocht i ndearadh, seachadadh agus measúnú clár;
- Béim níos mó ar oideachas idirdhisciplíneach a fhorbairt;

## MAOINIÚ

Is ábhar mór díospóireachta é maoiniú fadtéarmach an oideachais thríú leibhéil. Tá ar na hinstitiúidí tríú leibhéil aghaidh a thabhairt ar chostais a bhíonn ag síormhéadú agus laghdú coibhneasta ar an tacaíocht airgeadais ón stát. Chomh fada agus is féidir a rá, is é an stát a fhanfaidh ina phríomhphátrún ar an oideachas tríú leibhéil in Éirinn. Mar sin féin, ní móide go dtiocfaidh fíorardú ar an tacaíocht agus beidh sí ag brath ar thrédhearcacht, chuntasacht, chomparáideacht bhreise agus ar "luach ar airgead" a thabhairt. Mar eagraíochtaí atá maoinithe go poiblí, beidh na soláthróirí freagrach as polasaí náisiúnta a chur i ngníomh agus maoineofar iad de réir a gcumais agus a n-acmhainneacht chun critéir atá aontaithe go náisiúnta a bhaint amach.

Is é an dúshlán a bheidh le sárú ag GMIT ná:

- Cothramaíocht a choinneáil idir chaighdeáin acadúla agus ardchaighdeáin agus éifeachtacht airgeadais;
- Foinsí breise nua chun ioncam neamhspleách a ghiniúint trí, mar shampla, soláthar seirbhísí tráchtála, ioncam taighde, comhpháirtíochtaí tionsclaíocha agus tiomsaithe airgid.

Is ceist ghéibheannach é maoiniú don fhoghlaimeoir aonair freisin. Is bac ar pháirtíocht iad costas maireachtála as baile atá ag dul i méid agus costas oideachais tríú leibhéil. Déanfaidh an Institiúid fócasáil ar aire níos fearr a thabhairt do rochtain áitiúil ar a cuid clár agus ar chomhoibriú le heagraíochtaí eile chun freastal ar riachtanais réigiúnacha.

## POLASAÍ NUA AGUS CREAT DLÍ

Tá athrú radacach ag teacht ar an bpolasaí agus ar an gcreat dlí d’oideachas tríú leibhéil in Éirinn. Tá sé sin ag teacht le forbairtí ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal náisiúnta. Go háirithe:

- Gealltanas na hÉireann go gcomhlíonfaidh sí próiseas Bologna agus páirt a ghlacadh i gcruthú Réimse Ardoideachais Eorpaigh;
- Forbairtí atá ar siúl atá ag eascairt as lánchomhlíonadh an Acht um Cháilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999, ar a n-áirítear socruithe institiúideacha agus na sonraíochtaí a bhaineann le creat dámhachtainí náisiúnta agus ráthaíochta caighdeán;
- An moladh go gcuimseofaí Institiúidí Teicneolaíochta faoi scáth an ÚAO;
- An díospóireacht reatha ar rialachas institiúide agus na forbairtí ina leith sin.

Is dúshlán é comhall a dhéanamh leis na forbairtí sin do gach éinne a bhfuil baint acu le hard-nó breisoideachas. Beidh an dúshlán ar institiúidí níos mó agus níos mó míniú a thabhairt ar céard tá á dhéanamh acu, conas a dhéanann siad é agus cé chomh maith agus a dhéanann siad é.

## ACHOIMRE

Tiocfaidh athrú mór ar mhianach na hearnála oideachais thríú leibhéil in Éirinn le linn na ndeich mbliana seo chugainn. Tá athrú ag teacht ar a bonn traidisiúnta neach léinn, iomaíocht níos mó, deacrachtaí maoinithe agus éilimh nua a bhaineann leis an tsochaí agus an geilleagar. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo, tá géarghá na cumais a fhorbairt agus an fuinneamh atá riachtanach chun go mbeadh an rath orainn san imshaol nua a chur ag obair.

## FOCAL DEIRIDH AN STIÚRTHÓRA



Tá tasc deacair curtha romhainn againn anseo in GMIT: an todhchaí a dhearadh. Agus é sin á dhéanamh againn, bhí deis againn macnamh ar ár bhfealsúnacht, ár misean, ár luachanna, ár n-éachtaí agus ár laigí. Trí aithbhreithniú a dhéanamh ar céard as a dtángamar agus ar cár mhaith linn a bheith i gceann cúig bliana, tá athfhócasáil déanta againn ar an dá chroí a bhaineann lenár mbeith agus ár gcuspóir: ár neacha léinn agus ár réigiún.

Tá gach gné den Phlean Straitéiseach seo dírithe ar eispéaras oideachasúil níos fearr a chur ar fáil dár neacha léinn agus ar an ról atá againn i dtacú le forbairt an réigiúin. Thuig gach duine a bhí ag obair ar an bplean seo nach bhfuil i gcreat ama cúig bliana ach meicníocht eagraithe. Tá príomhspriocanna forbartha againn do gach bliain den phlean seo ach tá peirspictíocht níos faide againn: éabhlóid na hInstitiúide agus an réigiúin ar feadh an scór bliain seo chugainn.

Is é an t-athrú an t-aon chinnteacht atá i gceist dóibh siúd go léir atá gafa le pleanáil straitéiseach. Tá ár dtodhchaí á dearadh againn i gcomhthéacs na cinnteachta sin amháin. Tarlóidh ár bplean, déanfar é a leasú agus a chur i ngníomh ionas go mbeidh sé dírithe i gcónaí ar riachtanais ár neach léinn. Ar feadh na staire tríocha bliain atá againn, tá an struchtúr réigiúin is scaipthe sa tír forbartha againn. Tógfaimid ar an mbonneagar sin anois chun ár seirbhísí dár réigiún a fheabhsú. Tá dámhachtainí á dtairiscint againn ag na leibhéil printíseach, ardteastas, gnáthchéim agus céim go honóracha, máistir agus Ph.D. I gcaitheamh na gcúig bliana seo chugainn leanfaimid d'fhócasáil ar ár gcaighdeán acadúil, ar fhorbairt phearsanta ár neach léinn agus ar oiriúnacht an raon de chláir atá againn.

Is ar dhaoine atá an Plean Straitéiseach lárnaithe agus ní ar fhoirgnimh. Tá sé deartha d'aonturas chun an nuálaíocht agus an tsofhreagracht a spreagadh. Mar eagraíocht seirbhíse poiblí, teastaíonn uainn an t-athrú a chothú agus freagra a thabhairt air; teastaíonn uainn go ndéanfaí muid a mheas de réir ár sofhreagracht do pholasaí náisiúnta agus teastaíonn buntáistí oideachasúla a fheabhsaíonn an saol a chur chun cinn.

Chuidigh go leor daoine laistigh agus lasmuigh den eagraíocht leis an bplean seo. Bá mhaith liom, mar stiúrthóir, buíochas a ghlacadh leo go léir as ucht na cabhrach a thug siad. Tá súil agam oibriú in éineacht leo go léir chun an todhchaí a shamhlaíomar a chruthú.


Leica